## An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030
## Tuarascáil ar dhul chun cinn 2010 - 2015
## An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

Ar na bearta is mó atá déanta ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le cúig bliana anuas, tá leaganacha oifigiúla Gaeilge de na Rialacha Cúirte, arna n-aistriú ag an Roinn nó thar ceann na Roinne, a fhoilsiú. Ar na Rialacha is déanaí atá foilsithe ag an Roinn, tá Rialacha na Cúirte nua Achomhairc, *Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht um an gCúirt Achomhairc 2014) 2014*.

Le cúig bliana anuas, cuireadh téarmaí Gaeilge ar fáil ar na foclóirí leictreonacha www.focal.ie, www.tearma.ie agus www.gaois.ie a baineadh as an dá mhórbhailiúchán rialacha cúirte a bhí eisithe ag an Roinn roimh rialacha sin 2014 – is iad sin, na *Rialacha Cúirte Dúiche, 1997,* agus na *Rialacha Cúirte Cuarda, 2001* – ach go háirithe. Bhí oifigeach ón Roinn ar Choiste *LEX* a rinne scagadh ar na téarmaí sin, agus ar théarmaí den sórt sin nach iad, sular cuireadh isteach sna foclóirí sin iad.

Le cúig bliana anuas, tá an Roinn tar éis cur le comhaltas agus le hobair an Choiste Chomhairlithigh um Théarmaí Dlíthiúla Gaeilge, atá faoi choimirce na Roinne agus faoi chathaoirleacht Breithimh den Chúirt Uachtarach.

Ar thionscnaimh na Roinne anuraidh, bhí *Tailte Éireann* a cheapadh mar ainm aonair oifigiúil ar an gcomhlacht nua atá á bhunú ar an Údarás Clárúcháin Maoine, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an Oifig Luachála a chumasc.

Tá post amháin mar aistritheoir sa Roinn a bhfuil sé riachtanach go mbeadh sealbhóir an phoist sin dátheangach go feidhmiúil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Déanfaidh an Roinn, mar chuid dá creat leanúnach pleanála fórsa oibre, na réimsí sin den Roinn a aithint a mbeadh sé inmhianaithe go mbeadh líofacht dhátheangach iontu, nó gurbh fhearr a chuideodh líofacht dhátheangach iontu le spriocanna gnó a bhaint amach. Sa dara Scéim Teanga de chuid na Roinne, atá faoi chaibidlíocht leis

an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi láthair, sonrófar na poist lena mbainfidh riachtanas inniúlachta sa Ghaeilge.

Reáchtáil an Roinn sainchúrsaí inmheánacha Gaeilge d'oifigigh na Roinne agus d'fhreastail oifigigh ar chúrsaí lasmuigh den Roinn, chomh maith, agus bhain cáilíochtaí amach ó Theastas Eorpach na Gaeilge go Céim Mháistreachta i gcás oifigigh amháin.

**An Garda Síochána**

I measc na bpríomhéachtaí i nGaeilge a baineadh amach i gcaitheamh na cúig bliana seo caite ag an nGarda Síochána, tá an méid seo a leanas:

- Thug an Garda Síochána athrú ar bheartas earcaíochta isteach in 2013. Sa tionscnamh seo, rinneadh 10% de na poist a chur ar leataobh d'iarrthóirí atá líofa sa Ghaeilge. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag na hiarrthóirí seo faoi láthair tríd an gclár oiliúna agus, ar a chríochnú, cabhróidh siad lena chinntiú go bhfreastalaíonn an Garda Síochána ar riachtanais teanga phobail na Gaeltachta. Leis sin, cinnteofar go gcomhlíonfar amach anseo alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, mar aon le cuspóirí sonracha na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge*.

- Tá ar gach earcach den Gharda Síochána, a bhfuil oiliúint á cur air nó uirthi i gColáiste an Gharda Síochána, tabhairt faoi oiliúint Ghaeilge éigeantach agus déantar roinnt cur i láthair ar ghnéithe ar nós feasacht agus cearta teanga.

- Tá fáil ag pearsanra an Gharda Síochána ar chúrsaí leanúnacha oiliúna Gaeilge. Cuirtear na cúrsaí seo ar siúl i gcomhar le coláistí Gaeilge agus dearadh iad go sonrach le go gcuirfidh siad feabhas ar inniúlacht agus ar mhuinín sa Ghaeilge. Cuirtear na cúrsaí éagsúla ar siúl ar feadh ceithre lá agus bíonn siad bunaithe i gceantair Ghaeltachta chun tumadh iomlán i dteanga agus i gcultúr na Gaeilge a sholáthar.

- Le cúig bliana anuas, tá feachtais inmheánacha ar an nGaeilge ar bun go leanúnach.  Baineadh úsáid as na fóraim seo a leanas:
    - Cur chun cinn/faisnéis teanga a chur in airde ar chlár fógraí an chórais inmheánaigh tairsí ó thráth go chéile; agus
    - Eisíodh cártaí Gaeilge do chomhaltaí an Gharda Síochána chun cabhrú leis na bunriachtanais teanga nuair a bhíonn siad ag déileáil leis an bpobal.

- D'ullmhaigh an Garda Síochána an dara dréachtscéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus tá siad ag fanacht faoi láthair le dearbhú a fháil. Idir an dá linn, leanann an Garda Síochána leis na forálacha a dtugtar cuntas orthu sa chéad scéim a chur i bhfeidhm. Aithnítear sa scéim an ceart atá ag saoránaigh chun tabhairt faoina ngnó i nGaeilge leis an nGarda Síochána agus cuimsítear sa scéim roinnt gealltanas chun cabhrú leis seo a chur i bhfeidhm.

- Cheap an Garda Síochána Oifigeach Idirchaidrimh Gaeilge. Ról lánaimseartha é seo a bhfuil de chuspóir aige feabhas a chur ar an leibhéal seirbhísí Gaeilge a sholáthraíonn an Garda Síochána.

- Casann Grúpa an Gharda Síochána um Chur i bhFeidhm Teangacha Oifigiúla ar a chéile ar bhonn leanúnach. Tá pearsanra de chéimeanna agus rannóga éagsúla sa ghrúpa agus is é a gcroífheidhm gach ceist a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn laistigh den Gharda Síochána. Oibríonn an grúpa le comhlíonadh leanúnach Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus ceanglais reachtúla a bhaineann leis an nGaeilge a chinntiú. Anuas air sin, casann Grúpa Rialachais le chéile dhá uair sa bhliain, chomh maith.